# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2022

# Scéim Mharcála

# Gaeilge T2

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Léiriú ginearálta ar ghnéithe cáilíochta.**

Bá chóir an t-ábhar a chuirtear i láthair an scrúdaitheora a mheas faoi na critéir seo a leanas:

**Fócas**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir an cheist / an tasc a iarraidh air/uirthi a fhreagairt?

**Smaointe**: - Cén iarracht atá déanta smaointeoireacht dhomhain a chur in iúl, mar shampla ard-smaointeoireacht, castacht na smaointeoireachta, úrnuacht na smaointeoireachta, srl?

**Forbairt**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir tuairimíocht dhomhain a phlé, ábhar spreagtha san áireamh?

**Comhleanúnachas**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir cloí leis an gceist / an tasc, agus an bhfuil eagar maith ciallmhar ar fhreagra scríofa, mar shampla ailt, camóga in úsáid, srl?

**Léiriú**: - Cé chomh líofa agus soiléir is atá teanga an iarrthóra? An bhfuil abairtí soiléire agus ciallmhara ann? An bhfuil botúin ghramadaí ann? Cén tuiscint atá léirithe maidir le feasacht teanga, tuiscint ar phatrúin agus ar chomhréir na teanga? Srl.

**Sainréim teanga**: - An iarracht atá déanta ag an iarrthóir sainréim teanga chuí a úsáid / tuin / teanga fhoirmiúil – neamhfhoirmiúil a úsáid atá oiriúnach don tasc.

**Cruthaitheacht**: - An bhfuil cruthaitheacht atá oiriúnach don tasc le sonrú? Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir a mhachnamh agus scríbhneoireacht chruthaitheach a léiriú? Srl.

**Litriú agus poncaíocht**: - Cé chomh cruinn is atá litriú agus poncaíocht an iarrthóra?

| Leibhéal na bhFreagraí | Na Gnéithe Cáilíochta |
|---|---|
| **Ard** | I bhfreagra an iarrthóra beidh:<br>• Fócas leanúnach ar an gceist / tasc a bhfuiltear gafa leis<br>• Smaointe léirithe atá úrnua, léirsteanach, ard-mhachnamhach, a thaispeánann cumas agus cruthaitheacht nuair is gá<br>• Forbairt chumasach ar smaointe, agus úsáidfear ábhar tacaíochta go minic agus go cruinn<br>• An t-eolas eagraithe go han-éifeachtach agus struchtúr ciallmhar soiléir air<br>• Sainréim teanga atá ábhartha don tasc in úsáid go leanúnach agus an-tuiscint léirithe tríd síos<br>• Teanga shaibhir curtha in iúl ar bhealach an-éifeachtúil agus líofa a léireoidh úsáid sciliúil, uaillmhianach teanga<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach in úsáid ar chaighdeán an-ard<br>• Saibhreas teanga le stór focal fairsing a léireoidh an-tuiscint ar an gceist. |
| **Meán** | I bhfreagra an iarrthóra beidh:<br>• Fócas ó am go chéile ar an gceist / tasc a bhfuiltear gafa leis ach beidh an fócas imithe ar strae uaireanta freisin<br>• Smaointe atá oiriúnach don tasc, machnamhach go maith agus cumas le sonrú<br>• Roinnt forbartha déanta ar smaointe agus úsáidfear ábhar tacaíochta anois agus arís<br>• Ord, eagar agus struchtúr réasúnta ann, mar shampla ailt, srl. – ach ní tríd síos<br>• Teanga atá ábhartha don tasc in úsáid – ach ní tríd síos<br>• Teanga mhaith in úsáid agus tuiscint mhaith curtha in iúl ar bhealach réasúnta soiléir agus ábalta, a léireoidh úsáid chiallmhar teanga<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach in úsáid ar chaighdeán maith – ach gan a bheith saor ó locht<br>• Stór focal dóthanach a léiríonn tuiscint mhaith ar an gceist. |
| **Íseal** | I bhfreagra an iarrthóra beidh:<br>• Streachailt le freagra a thabhairt ar an gceist / tasc a bhfuiltear gafa leis, beidh go leor botún ann, beidh an freagra ag brath ar achoimre, ní léireofar tuiscint<br>• Smaointe loma nach bhfuil soiléir, eolas nach mbaineann leis an tasc, beagán machnaimh déanta agus tuiscint lag léirithe<br>• Fíor-bheagán forbartha déanta ar smaointe agus ní úsáidfear ábhar tacaíochta go cruinn, go minic ná ar chor ar bith<br>• Easpa tuisceana ar eagar agus ar struchtúr na teanga, is minic go mbeidh an obair míshlachtmhar, mí-eagraithe agus doiléir<br>• Teanga theoranta bhriste in úsáid, easpa feasachta ar chomhréir agus ar phatrúin na teanga, easnaimh bhunúsacha tríd síos<br>• Teanga theoranta curtha in iúl ar bhealach doiléir<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach in úsáid ar chaighdeán íseal – go leor lochtanna tríd síos<br>• Stór focal teoranta le bearnaí móra agus botúin leanúnacha. |

# Grádú Gaeilge na Sraithe Sóisearaí

| **Grád** | **Raon %** | **Raon Marcanna** |
|---|---|---|
| Gradam | ≥90 go <100 | 243 go 270 |
| Ard-Tuillteanas | ≥75 go <90 | 203 go 242 |
| Tuillteanas | ≥55 go <75 | 149 go 202 |
| Gnóthaithe | ≥40 go <55 | 108 go 148 |
| Páirt-Ghnóthaithe | ≥20 go <40 | 54 go 107 |
| (Gan Ghrádú) | ≥0 go <20 | 0 go 53 |

# Treoracha

Tá **dhá** roinn sa pháipéar seo.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn A | 45 marc | Éisteacht | 3 cheist |
| Roinn B | 225 marc | Léamh, Ceapadóireacht agus Litríocht | 7 gceist |

**Nóta don iarrthóir:**

Freagair gach ceist.

Bíodh na freagraí i nGaeilge ach amháin nuair nach gá é sin.

Níl gach ceist ar cómharc. Luaitear líon na marcanna do gach ceist ag barr na ceiste.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ar fáil dóibh sa leabhrán seo. Ní gá go mbainfeá úsáid as an spás ar fad atá ar fáil. Tá spás sa bhreis ar chúl an fhreagarleabhair. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus le cuid na ceiste.

**Nóta don scrúdaitheoir:**

Le linn na marcála ní mór chloí go dlúth leis an Scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

Ní mór don Scrúdaitheoir an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

Ní ceart don Scrúdaitheoir aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte, srl.

Dírítear aird an Scrúdaitheora ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar **lch.18** den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil socruithe réasúnta ceadaithe dóibh.

| Roinn A | Cluastuiscint | 45 marc |
|---|---|---|

**Ceist 1** (15) **(15 marc)**

Cloisfidh tú píosa cainte sa cheist seo. Cloisfidh tú an píosa cainte **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

**(a)** Cén bhliain ina bhfuil Áine ar scoil?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

An chéad bhliain ☐
An dara bliain ☐
An tríú bliain ☑ **= 3 mharc**

**(b)** Luaigh spórt **amháin** a imríonn Áine?

*Camógaíocht/sacar* **= 3 mharc**

**(c)** Cén scór a fuair Áine sa chluiche camógaíochta anuraidh?

*2 chúl agus cúig chúilín / 2 - 5* **= 3 + 3 = 6mharc**

**(d)** Cad a tharla d'Áine roimh dheireadh an chluiche?

Ghortaigh sí a cos / Bhris sí a cos / Baineadh den pháirc í. **= 3 mharc**

**Ceist 1 = 15 marc**

**Ceist 2** (15) **(15 mharc)**

Cloisfidh tú fógra sa cheist seo. Cloisfidh tú an fógra **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

**(a)** Cá háit a bhfuil Áras an Cheoil?

*Leitir Ceanainn / Contae Dhún na nGall* **= 3 mharc**

**(b)** Cad a bheidh ar siúl idir 6.30 – 8.00 p.m. ag Altan agus ag ceoltóirí an bhaile?

Cuir **tic (✓)** leis an bhfreagra ceart.

| | |
|---|---|
| Ranganna ceoil | ☐ |
| Físeán ceoil | ☐ |
| Seisiún ceoil | √ **= 3 mharc** |

**(c)** Ainmnigh **dhá** uirlis cheoil atá luaite.

*Bodhrán / fidil / giotár* **3 + 3 = 6 mharc**

**(d)** Cén mhéad a chosnóidh cúig rang ceoil?

*Céad euro /€100* **= 3 mharc**

**Ceist 2 = 15 marc**

**15 + 15 = 30**

**Ceist 3** (15) **(15 mharc)**

Cloisfidh tú comhrá sa cheist seo. Cloisfidh tú an comhrá **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thús deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina **dhá** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

**Mír 1**

**(a)** Cé mhéad airgid atá á lorg ag Ruairí?
Cuir **tic (✓)** leis an bhfreagra ceart.

| | |
|---|---|
| €8 | ☐ |
| €18 | ☐ |
| €80 | ☑ **= 3 mharc** |
| €88 | ☐ |

**(b)** Cén fáth a bhfuil airgead á lorg ag Ruairí?

*Chun cluiche ríomhaire a cheannach / do chluiche ríomhaire/ Fifa 2022*. **= 3 mharc**

**Mír 2**

**(c)** Luaigh **dhá** ábhar a bhfuair Ruairí teip iontu.

Béarla / Eolaíocht / Mata **= 3 + 3 = 6 mharc**

**(d)** Scríobh síos rud **amháin** a dhéanfaidh Ruairí má thugann a Mham seans eile dó.

Déanfaidh sé staidéar gach oíche / Glanfaidh sé a sheomra / Nífidh sé na gréithe gach lá/ obair bhaile / staidéar.

**= 3 mharc**

**Ceist 3 = 15 marc**

**30 + 15 = 45**

**Ceist 4** (65) **(65 marc)**

Léigh an sliocht thíos agus freagair na ceisteanna ar fad a ghabhann leis.

# Comórtas amhránaíochta Gaeilge ar RTÉ 2FM

**1.** Bhí an comórtas 'Amhrán Tí' á reáchtáil mar chuid de Gaeltacht X le dhá shamhradh anuas. An aidhm a bhí leis ná eispéireas fíorúil Gaeltachta a chur ar fáil do dhéagóirí nach ndeachaigh chun na Gaeltachta in 2020 ná in 2021 de bharr Covid-19. Ba é Conradh na Gaeilge i gcomhpháirt leis an gclár raidió *Breakfast with Doireann, Donncha & Carl* ar RTÉ 2FM a chuir an comórtas amhránaíochta ar siúl anuraidh. Iarradh ar amhránaithe óga amhráin nuachumtha Ghaeilge, nó leaganacha Gaeilge d'amhráin Bhéarla, a chanadh, a thaifeadadh agus a sheoladh isteach don chomórtas 'Amhrán Tí'..

**2.** Bhí rogha ag na hiarrthóirí amhrán a chanadh ina n-aonar nó i ngrúpa. Bhí orthu cloí leis an scaradh sóisialta le linn an taifeadta de bharr Covid-19. Ba í Ola Majekodunmi a bhí mar comhfhreagraí Ghaeltacht X leis an gclár *Breakfast with Doireann, Donncha & Carl*. Bhí Raidió Rí-Rá, an stáisiún raidió a bhfuil go leor éisteoirí óga aige, ag tacú leis an gcomórtas chomh maith. Chuidigh siad leis an ngearrliosta a roghnú gach seachtain. Seinneadh rogha na n-amhrán ar RTÉ 2 FM gach maidin Chéadaoin. Ansin osclaíodh pobalbhreith phoiblí ar chuntas Ghaeltacht X (@gaeltachtx) ar *Instagram*. Bhí 24 uair an chloig ansin ag na héisteoirí agus ag na leantóirí, vóta a chaitheamh ar son an amhráin ab fhearr leo sular fógraíodh an buaiteoir ar maidin Déardaoin.

**3.** Bhí duais €300 ann do bhuaiteoirí na seachtaine agus bhí duais €1,000 ann do bhuaiteoir an chomórtais. Dúirt láithreoirí an chláir nuair a bhí an comórtas á fhógairt, gur mhinic a chan siad féin amhrán tí le linn a gcuid ama mar scoláirí samhraidh sa Ghaeltacht. 'Is iontach an rud é gur féidir lenár gclár agus Gaeltacht X an deis seo a thabhairt do dhaoine óga atá ag cailliúint amach ar eispéireas an choláiste samhraidh. Is cruthaitheacht, spiorad agus craic na tréithe a bheidh á lorg againn sna hamhráin ar fad. Tá sé tábhachtach go mbeadh píosa spraoi ag na hamhránaithe agus nach mbeadh aon bhrú orthu'.

**4.** Dúirt Síomha Ní Ruairc ó Chonradh na Gaeilge, atá i mbun an fheachtais Gaeltacht X, go raibh áthas an domhain uirthi an comórtas 'Amhrán Tí' a reáchtáil i gcomhpháirt leis an gclár raidió *Breakfast with Doireann, Donncha & Carl* ar RTÉ 2FM. 'Tá Gaeltacht X ag ofráil blaiseadh den eispéireas Gaeltachta do dhéagóirí. Tá comórtais, moltaí ar conas níos mó Gaeilge a úsáid go laethúil, ciorcal comhrá ar líne agus neart ábhar eile ar *Instagram*, *TikTok* agus *Zoom* ag Gaeltacht X,' a dúirt Síomha Ní Ruairc.

**(a)** Cén fáth, dar leat, a raibh an comórtas Amhrán Tí ar siúl? (Alt 1)
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

| | | |
|---|---|---|
| Thug an comórtas 'Amhrán Tí' eispéireas fíorúil Gaeltachta do scoláirí a d'fhreastail ar choláistí samhraidh in 2020 agus in 2021. | ☐ | |
| Thug an comórtas 'Amhrán Tí' eispéireas fíorúil Gaeltachta do scoláirí mar nach raibh coláistí samhraidh ar siúl in 2020 ná in 2021. | √ | **= 6 mharc** |
| Bhí Doireann, Donncha agus Carl ag freastal ar choláistí samhraidh le dhá bhliain anuas. | ☐ | |

**45 + 65 = <u>110</u>**

**(b)** Luaigh saghas **amháin** amhrán a bhí inghlactha sa chomórtas Amhrán Tí. (Alt 1)

*Amhráin nuachumtha Gaeilge / Leaganacha Gaeilge d'amhráin Bhéarla* **= 6 mharc**

**(c)** Cén ról a bhí ag Raidió Rí-Rá? (Alt 2)

*Ag tacú leis an gcomórtas / ag cuidiú leis an ngearrliosta a roghnú gach seachtain.* **= 6 mharc**

**(d)** Cén ról a bhí ag na héisteoirí agus ag na leantóirí? (Alt 2)

*Roghnaigh siad an t-amhrán buacach / vótáil siad don amhrán ab fhearr leo / vóta a chaitheamh don amhrán ab fhearr leo.* **= 6 mharc**

**(e)** Luaigh **dhá** thréith a bhí á lorg ag na láithreoirí sna hamhráin. (Alt 3)

*Cruthaitheacht / spiorad / craic* **= 6 + 6 = 12 mharc**

**(f)** Luaigh **dhá** imeacht a úsáideann Gaeltacht X chun úsáid na Gaeilge a spreagadh. (Alt 4)

*Comórtais / moltaí ar conas níos mó Gaeilge a úsáid go laethúil / ciorcal comhrá / neart ábhar eile* **6 + 6 = 12 mharc**

**(g)** Ar mhaith leat féin páirt a ghlacadh sa chomórtas Amhrán Tí? Tabhair fáth **amháin** le do fhreagra.

*Ba mhaith: Gaeilge, canadh/ceol/duais/airgead/cáiliúil/* ***cúis chiallmhar ar bith.*** **= 1+ 5 = 6 marc**
*Níor mhaith: Gaeilge, canadh/ceol/duais/airgead/cáiliúil/* ***cúis chiallmhar ar bith.***

**(h)** Ar mhaith leat féin freastal ar chúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht? Tabhair **dhá** fháth le do fhreagra.

*Ba mhaith: Gaeilge, cairde, spraoi, turais, céilí, ceol...* ***cúis chiallmhar ar bith.***
*Níor mhaith: Ní maith liom Gaeilge, Ní maith liom Gaeltacht, daor, airgead, costas, bocht ...* ***cúis chiallmhar ar bith.***

**1 + 5 + 5 = 11 mharc**

**Ceist 4 = 65 marc**

**Ceist 5** (40) **(40 marc)**

Ainmnigh *úrscéal* ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T2*** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa.
*Ní mór teideal an úrscéil sin agus ainm an údair a scríobh síos go cruinn.*

Teideal an úrscéil: **= 1 mharc**

Údar an úrscéil: **= 1 mharc**

**(a)** Cad é téama an úrscéil? **Téama = 2 mharc**

(b) Déan cur síos gairid ar eachtra **amháin** a thugann léiriú ar an téama.

**N.B. Léirigh pointí agus eolas cruinn trí tic agus cuir ~~~ ___ mar is cóir.)**

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **10 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Luann an t-iarrthóir an téama agus déanann sé cur síos ar eachtra amháin a léiríonn an téama sin.**<br>• Téama luaite / Plé maith ar an eachtra / Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don úrscéal / Smaointe forbartha go maith<br>• Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **10 - 8** |
| **Meán** | • Téama luaite nó tagairt do théama / Achoimre ar eachtra<br>• Gan mórán tagairtí don úrscéal / Iarracht smaointe a fhorbairt<br>• Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **7 - 5** |
| **Íseal** | • Iarracht ar théama a lua / Iarracht ar achoimre ar eachtra<br>• Iarracht ar achoimre ar an úrscéal / Eolas bearnach, míchruinn, lochtach<br>• Cumas lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **4- 2** |

(c) Ar chuir an téama seo áthas nó brón ort? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

| Forbairt mhaith ar an gcúis | Forbairt réasúnta ar an gcúis | Forbairt lag ar an gcúis |
|---|---|---|
| **3** | **2** | **1** |

**110 + 40 = 150**

**(c)** Is carachtar tú féin san úrscéal atá ainmnithe agat. Scríobh iontráil i do dhialann phearsanta faoi sin. San iontráil luaigh:

- pointe **amháin** eolais faoi do pháirt san úrscéal
- pointe **amháin** eolais faoi charachtar eile
- tréith dhearfach *agus* tréith dhiúltach atá agat
- an rud is fearr leat *agus* an rud is measa leat faoin úrscéal.

N.B. Léirigh ar an script: **P1, P2, P3, P4, P5, P6. agus cuir** ~~~ ______ **mar is cóir.)**

Moltar an measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **23 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Scríobhann an t-iarrthóir ina dhialann faoi na pointí atá luaite.**<br>• **5-6 phointe luaite**<br>• Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don úrscéal<br>• Smaointe forbartha go maith<br>• Cumas maith maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **23 - 20** |
| **Meán** | • **3-6 phointe luaite**<br>• Tuiscint réasúnta léirithe<br>• Tagairtí réasúnta don úrscéal<br>• Forbairt réasúnta ar na smaointe<br>• Cumas measartha maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **19 - 12** |
| **Íseal** | • **1-6 phointe luaite**<br>• Iarracht ar achoimre ar an úrscéal<br>• Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach<br>• Cumas lag maidir leis na príomhghnéithe de cheart na teanga gramadach / comhréir, struchtúr / briathra / ainmfhocail / aimsirí / litriú / poncaíocht. | **11 - 4** |

**Ceist 5 = 40 marc**

**Ceist 6** (50) **(50 marc)**




(Daltaí ar stailc ar son athrú aeráide)



(Lá ag siopadóireacht le mo chairde)

Bhí tú i láthair ag ceann **amháin** de na hócáidí seo thuas. Scríobh alt do pháipéar nuachta faoin lá a bhí agat.
San alt luaigh:

- pointe **amháin** faoin áit ina raibh tú
- eachtra dhearfach **amháin** a tharla
- eachtra dhiúltach **amháin** a tharla
- Pointe **amháin** faoi na daoine ann
- rud **amháin** a rinne tú féin
- do thuairim féin faoin lá.

**N.B: (Taispeáin P1, P2, P3, P4, P5, P6 ar an bpáipéar agus √ ~~~ ,________mar is cóir)**
Moltar an measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **50 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Scríobhann an t-iarrthóir alt do pháipéar nuachta bunaithe ar na pointí atá luaite.**<br>• Fócas maith / Ábhar úrnua / smaointe cliste<br>• 5/6 phointe forbartha go maith<br>• Tuiscint mhaith ar sainréim teanga áititheach<br>• Soiléireacht agus léiriú cumasach / líofacht, éagsúlacht<br>• Scríbhneoireacht eagraithe go maith<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) ar chaighdeán ard. | **50 - 44** |
| **Meán** | • Cuid den fócas caillte / Ábhar cuí / smaointe réasúnta<br>• Forbairt theoranta ar 3/6 phointe<br>• Teanga atá saghas ábhartha don tasc<br>• Réasúnta soiléir ach lochtanna le sonrú<br>• Scríbhneoireacht eagraithe de shaghas<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) in úsáid ar chaighdeán réasúnta. | **43 - 25** |
| **Íseal** | • Ag streachailt leis an bhfócas, ní soiléir go tuigeadh an cheist<br>• Iarracht forbairt a dhéanamh ar 1/6 phointe<br>• Smaointe loma le fíor bheagán forbartha<br>• Mí néata, mí eagraithe agus doiléir<br>• Teanga theoranta bhriste<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú,<br>• urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) ar chaighdeán íseal. | **24 - 10** |

**Ceist 6 = 50 marc**

**150 + 50 = <u>200</u>**

**Ceist 7** (10) **(10 marc)**

Léigh an t-alt thíos dar teideal *An Ghaeltokt,* leathanach atá ar fáil ar ardán *TikTok*. Feicfidh tú go bhfuil bearnaí sa téacs. Líon na bearnaí leis an bhfocal as an liosta thíos is dóigh leat atá ceart. Bí cúramach, tá **dhá** fhocal ann nach bhfuil le húsáid ar chor ar bith.

## An Ghaeltokt

Cruthaíodh leathanach nua ***do*** (1) chainteoirí Gaeilge ar an suíomh *TikTok* le déanaí. √ Bíonn físeáin thopaiciúla nua i ***nGaeilge*** (2) ar fáil ansin gach lá anois. Is iad na *GaelTokkers* Conor Ó Lúadhóg, Ruairí Egan, Leah Ní Mhurchú ***agus*** √ (3 ) Póilín Nic Géidigh a ***thosaigh*** √ (4) an leathanach ar dtús. Tá siad **ag iarraidh** √ (5) an Ghaeilge a chur chun cinn ar an ardán nuálach, físiúil le ***daoine*** √ (6) óga eile a spreagadh leis an teanga a úsáid ar líne.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **agus** | **nGaeilge** | **~~do~~** | **daoine** |
| **ach** | **thosaigh** | **ag iarraidh** | **eile** |

**√ X 2 = 10 marc**

**Ceist 7 = 10 marc**

**200 + 10 = 210**

**Ceist 8** (25) **(25 marc)**

Roghnaigh *dán nó amhrán* ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T2*** le haithris ag ócáid speisialta. Scríobh ríomhphost chuig do chara faoi sin. Scríobh an ríomhphost ar leathanach 13 thall.
I do ríomhphost:

- luaigh an ócáid speisialta
- mínigh an fáth a bhfuil téama an dáin/an amhráin oiriúnach don ócáid speisialta sin
- déan cur síos ar íomhá **amháin** atá ann
- luaigh mothúchán **amháin** atá ann
- luaigh pointe **amháin** eile faoin dán/amhrán.

Teideal an dáin/an amhráin: **1 marc** Ainm an údair: **1 marc**

N.B. Léirigh ar an script: **P1, P2, P3, P4, P5 agus** ～～～ **cuir** **______mar is cóir.)**

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **23 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Scríobhann an t-iarrthóir ríomhphost bunaithe ar dán/amhrán.**<br>• Cur síos maith ar na pointí<br>• Plé maith ar na pointí<br>• Cur síos ar an bhfáth, ar íomhá, ar an téama, agus ar phointe eile. 4/4<br>• Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don dán/amhrán<br>• Smaointe forbartha go maith<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) ar chaighdeán ard. | **23- 19** |
| **Meán** | • Achoimre ar na pointí<br>• Plé lom ar na pointí<br>• Achoimre ar an bfháth, ar íomhá, ar an téama, agus ar phointe eile 2/4<br>• Roinnt tuisceanna le sonrú<br>• Tagairt don dán/amhrán<br>• Forbairt réasúnta ar na smaointe<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) ar chaighdeán réasúnta. | **18 - 12** |
| **Íseal** | • Iarracht ar achoimre ar na pointí<br>• Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) ar chaighdeán lag. | **11 - 6** |

**Ceist 8 = 25 marc**

**210 + 25 = 235**

**Ceist 9 (10)** **(10 marc)**

**(a)** I ngach ceann de na habairtí thíos tá trí fhocal i gcló trom. Tá ceann **amháin** de na focail sin ceart. Cuir ciorcal timpeall an fhocail **amháin** sin is dóigh leat atá ceart. Tá **(a)** déanta mar shampla duit.

## Lá Idirnáisiúnta na Straoiseog (*Emoji*)

**(1)** **Bhí / Bí / Bíonn** ceiliúradh ar siúl le déanaí ar Lá Idirnáisiúnta na Straoiseog (*Emoji*).

**(2)** Rinneadh taighde ar ábhar cainte lucht labhartha na Gaeilge ar **an / na / iad** meáin shóisialta. √

**(3)** **Bain / Baintear / Baineann** cainteoirí Gaeilge úsáid as straoiseoga éagsúla gach lá. √

**(4)** Tá liosta **fad / fhad / fada** curtha le chéile den 100 straoiseog is coitianta a úsáidtear. √

**(5)** Is é an 'bualadh bos' an straoiseog is fearr leis na **cainteoir / gcainteoir / cainteoirí** Gaeilge. √

**(6)** **Bí / Bíonn / Bítear** an straoiseog seo in úsáid gach lá ag tabhairt moladh do dhuine eile. √

**√ X 1 = 5 marc**

**(b)** Luaigh an straoiseog (*emoji*) is mó a úsáideann tú féin. Déan cur síos gairid ar an úsáid a bhaineann tú as an straoiseog sin.

Straoiseog = **2**
Úsáid = **3**
N.B. **(Léirigh ar an bpáipéar: S = 2, Ú = 3/2/1)**

| Cur síos maith ar an úsáid | Cur síos réasúnta ar an úsáid | Cur síos lag ar an úsáid |
|---|---|---|
| **3** | **2** | **1** |

**<u>Ceist 9 = 10 marc</u>**

**235 + 10 = 245**

**Ceist 10** (25) **(25 marc)**

Ainmnigh *gearrscéal* ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T2*** a ndearna tú staidéar air. *Ní mór teideal an ghearrscéil sin agus ainm an údair a scríobh síos go cruinn.*

Teideal an ghearrscéil: **= 1 mharc** Ainm an údair: **= 1 mharc**

**(a)** Déan cur síos gairid ar thús an ghearrscéil *nó* ar chríoch an ghearrscéil.

**N.B. Léirigh pointí agus eolas cruinn trí tic agus cuir ~~~ ___ mar is cóir.)**

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **15 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Déanann an t-iarrthóir cur síos ar thús nó ar chríoch an ghearrscéil.**<br>• Cur síos maith ar thús nó ar chríoch an ghearrscéil<br>• Plé maith ar thús nó ar chríoch an ghearrscéil<br>• Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don ghearrscéil<br>• Smaointe forbartha go maith<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) ar chaighdeán ard. | **15 - 12** |
| **Meán** | • Achoimre ar thús nó ar chríoch an ghearrscéil<br>• Plé réasúnta ar thús nó ar chríoch an ghearrscéil<br>• Insint lom ar an ngearrscéal<br>• Tuiscint le sonrú<br>• Tagairt don ghearrscéal<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) ar chaighdeán réasúnta. | **11 - 8** |
| **Íseal** | • Iarracht ar achoimre ar an ngearrscéal<br>• Cur síos lag ar an ngearrscéal<br>• Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach<br>• Litriú, poncaíocht agus gramadach (aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, an chlaoninsint, réamhfhocail, díochlaontaí na n-ainmfhocal, srl.) ar chaighdeán réasúnta. | **7 - 4** |

**(b)** Maidir leis an ngearrscéal atá ainmnithe agat, bronn marc as 10 air. Mínigh an fáth ar bhronn tú an marc sin.

Marc **= 2** Fáth **= 6** **N.B. (Léirigh ar an bpáipéar M = 2, F = 6/5/4/3/2/1)**

| Forbairt mhaith le fáth an mhairc | Forbairt réasúnta le fáth an mhairc | Forbairt lag le fáth an mhairc |
|---|---|---|
| **6 -5** | **4 - 3** | **2 - 1** |

**Ceist 10 = 25 marc**

**245 + 25 = 270**

## Aguisín 1

# SOCRUITHE RÉASÚNTA – Scéim Mhodhnaithe

Tá roinnt leasuithe ar an **Scéim Mharcála** le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag **Coimisiún na Scrúduithe Stáit** dóibh agus a bhfuil **réiltíní** in aice lena scrúduimhreacha ar na **Leatháin Mharcála**.

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus le gnéithe áirithe den ghramadach

Déantar measúnú ar Chruinneas Gaeilge na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc as Gaeilge á mheas agus á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn, Cruinnúsáid na Copaile, Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra, Cruinnúsáid na réamhfhocal…

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus marc don Ghaeilge á mheas agus á bhronnadh ar an iarracht: litriú, úsáid an úraithe, úsáid an tséimhithe, aontú ainmfhocal is aidiachtaí…

**Níor chóir duit** líne a chur faoi bhotúin litriú, faoi bhotúin phoncaíochta ná faoi bhotúin ghramadaí.

**N.B.** Scríobh **S.M.M.** ag deiridh gach ceist.

**N.B.** Scríobh **S.M.M. curtha i bhfeidhm** ar chlúdach an fhreagarleabhair in aice le grid na marcanna.

### Léiriú ginearálta ar ghnéithe cáilíochta (Modhnaithe)

Bá chóir an t-ábhar a chuirtear i láthair an scrúdaitheora a mheas faoi na critéir ar seo a leanas:

**Fócas**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir an cheist / an tasc a fiafraíodh dó/di a fhreagairt?
**Smaointe**: - Cén iarracht atá déanta smaointeoireacht dhomhain a chur in iúl, ard-smaointeoireacht, castacht na smaointeoireachta, úrnuacht na smaointeoireachta?
**Forbairt**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir tuairimíocht dhomhain a phlé, ábhar spreagtha san áireamh?
**Comhleanúnachas**: - Cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir cloí leis an gceist / an tasc agus an bhfuil eagar maith ciallmhar ar fhreagra scríofa, ailt, camóga a úsáid srl.
**Léiriú**: - Cé chomh líofa agus soiléir atá teanga an iarrthóra? An bhfuil abairtí soiléire agus ciallmhara ann, an bhfuil botúin ghramadaí ann. Cén tuiscint atá léirithe maidir le feasacht teanga, tuiscint ar phatrúin agus ar chomhréir na teanga?
**Sainréim teanga**: - An iarracht atá déanta ag an iarrthóir sainréim teanga chuí a úsáid / tuin / teanga fhoirmiúil – neamhfhoirmiúil a úsáid atá oiriúnach don tasc.
**Cruthaitheacht**: - An bhfuil cruthaitheacht atá oiriúnach don tasc le sonrú, cén iarracht atá déanta ag an iarrthóir a mhachnamh agus scríbhneoireacht chruthaitheach a léiriú?

**Ceist 1:** Níl aon phionós ar bhotúin sa litriú, poncaíocht easnamhach ná easpa cruinnis sa ghramadach.

**Ceist 2:** Níl aon phionós ar bhotúin sa litriú, poncaíocht easnamhach ná easpa cruinnis sa ghramadach.

**Ceist 3:** Níl aon phionós ar bhotúin sa litriú, poncaíocht easnamhach ná easpa cruinnis sa ghramadach.

**Ceist 4:** Níl aon phionós ar bhotúin sa litriú, poncaíocht easnamhach ná easpa cruinnis sa ghramadach.

**Ceist 5** (40) **(40 marc)**

Ainmnigh _úrscéal_ ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T2*** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa.

*Ní mór teideal an úrscéil sin agus ainm an údair a scríobh síos go cruinn.*

*** Níor chóir duit** litriú, poncaíocht ná gramadach a chur san áireamh nuair atá tú ag tabhairt barúil faoin gceist seo ach cuir na gnéithe ainmnithe de Chruinnúsaid na Gaeilge san áireamh.

Teideal an úrscéil: **= 1 mharc** Údar an úrscéil: **= 1 mharc**

**(a)** Cad é téama an úrscéil? **Téama = 2 mharc**

**(b)** Déan cur síos gairid ar eachtra **amháin** a thugann léiriú ar an téama.

**N.B. Léirigh pointí agus eolas cruinn trí tic mar is cóir.)**

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **10 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Luann an t-iarrthóir an téama agus déanann sé cur síos eachtra amháin a léiríonn an téama sin.**<br>• Téama luaite / Plé maith ar an eachtra / Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don úrscéal / Smaointe forbartha go maith | 10 - 8 |
| **Meán** | • Téama luaite nó tagairt do théama / Achoimre ar eachtra<br>• Gan mórán tagairtí don úrscéal / Iarracht smaointe a fhorbairt | 7 - 5 |
| **Íseal** | • Iarracht ar théama a lua / Iarracht ar achoimre ar eachtra<br>• Iarracht ar achoimre ar an úrscéal / Eolas bearnach, míchruinn, lochtach | 4- 2 |

**(c)** Ar chuir an téama seo áthas nó brón ort? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

| Forbairt mhaith ar an gcúis | Forbairt réasúnta ar an gcúis | Forbairt lag ar an gcúis |
|---|---|---|
| **3** | **2** | **1** |

**(c)** Is carachtar tú féin san úrscéal atá ainmnithe agat. Scríobh iontráil i do dhialann phearsanta faoi sin. San iontráil luaigh:

- pointe **amháin** eolais faoi do pháirt san úrscéal
- tréith dhearfach *agus* tréith dhiúltach atá agat
- pointe **amháin** eolais faoi charachtar eile
- an rud is fearr leat *agus* an rud is measa leat faoin úrscéal.

N.B. Léirigh ar an script: **P1, P2, P3, P4, P5, P6 mar is cóir.)**

Moltar an measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **23 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Scríobhann an t-iarrthóir ina dhialann faoi na pointí atá luaite.**<br>• **5-6 phointe luaite**<br>• Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don úrscéal<br>• Smaointe forbartha go maith | 23 - 20 |
| **Meán** | • **3-6 phointe luaite**<br>• Tuiscint réasúnta léirithe<br>• Tagairtí loma don úrscéal<br>• Smaointe laga<br>• Gan mórán tagairtí don úrscéal | 19 - 12 |
| **Íseal** | • **1-6 phointe luaite**<br>• Iarracht ar achoimre ar an úrscéal<br>• Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | 11 - 4 |

**Ceist 5 = 40 marc**

**Ceist 6** (50) **(50 marc)**




(Daltaí ar stailc ar son athrú aeráide)



(Lá ag siopadóireacht le mo chairde)

Bhí tú i láthair ag ceann **amháin** de na hócáidí seo thuas. Scríobh alt do pháipéar nuachta faoin lá a bhí agat.
San alt luaigh:

- pointe **amháin** faoin áit ina raibh tú
- eachtra dhearfach **amháin** a tharla
- eachtra dhiúltach **amháin** a tharla
- Pointe **amháin** faoi na daoine ann
- rud **amháin** a rinne tú féin
- do thuairim féin faoin lá.

*** Níor chóir duit** litriú, poncaíocht ná gramadach a chur san áireamh nuair atá tú ag tabhairt barúil faoin gceist seo ach cuir na gnéithe ainmnithe de Chruinnúsaid na Gaeilge san áireamh.

**N.B: (Taispeáin P1, P2, P3, P4, P5, P6 ar an bpáipéar mar is cóir)**

Moltar an measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra **mar aonad**.

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **50 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Scríobhann an t-iarrthóir alt do pháipéar nuachta faoi na pointí atá luaite.**<br>• Fócas maith / Ábhar úrnua / smaointe cliste<br>• 5/6 phointe forbartha go maith<br>• Tuiscint mhaith ar sainréim teanga áititheach<br>• Soiléireacht agus léiriú cumasach / líofacht, éagsúlacht<br>• Scríbhneoireacht eagraithe go maith | 50 - 44 |
| **Meán** | • Cuid den fhócas caillte / Ábhar cuí / smaointe réasúnta<br>• Forbairt theoranta ar 3/6 phointe<br>• Teanga atá saghas ábhartha don tasc<br>• Réasúnta soiléir ach lochtanna le sonrú<br>• Scríbhneoireacht eagraithe de shaghas | 43 - 25 |
| **Íseal** | • Ag streachailt leis an bhfócas, ní soiléir go tuigeadh an cheist<br>• Iarracht forbairt a dhéanamh ar 1/6 phointe<br>• Smaointe loma le fíor bheagán forbairt<br>• Mí néata, mí eagraithe agus doiléir<br>• Teanga theoranta bhriste. | 24 - 10 |

**Ceist 6 = 50 marc**

**Ceist 7:** Mar an gcéanna leis an gnáth scéim.

**Ceist 8** (25) **(25 marc)**

Roghnaigh *dán nó amhrán* ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T2*** le haithris ag ócáid speisialta. Scríobh ríomhphost chuig do chara faoi sin. Scríobh an ríomhphost ar leathanach 13 thall.
I do ríomhphost:

- luaigh an ócáid speisialta
- mínigh an fáth a bhfuil téama an dáin/an amhráin oiriúnach don ócáid speisialta sin
- déan cur síos ar íomhá **amháin** atá ann
- luaigh mothúchán **amháin** atá ann
- luaigh pointe **amháin** eile faoin dán/amhrán.

* **Níor chóir duit** litriú, poncaíocht ná gramadach a chur san áireamh nuair atá tú ag tabhairt barúil faoin gceist seo ach cuir na gnéithe ainmnithe de Chruinnúsaid na Gaeilge san áireamh.

Teideal an dáin/an amhráin: **1 marc** Ainm an údair: **1 marc**

N.B. Léirigh ar an script: **P1, P2, P3, P4, P5 mar is cóir.)**

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **23 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Scríobhann an t-iarrthóir ríomhphost bunaithe ar dán/amhrán.**<br>• Cur síos maith ar na pointí<br>• Plé maith ar na pointí<br>• Cur síos ar an bhfáth, ar íomhá, ar an téama, agus ar phointe eile. 4/4<br>• Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don dán/amhrán<br>• Smaointe forbartha go maith | **23- 19** |
| **Meán** | • Achoimre ar na pointí<br>• Plé lom ar na pointí<br>• Achoimre ar an bhfáth, ar íomhá, ar an téama, agus ar phointe eile 2/4<br>• Roinnt tuisceana le sonrú<br>• Tagairt don dán/amhrán<br>• Forbairt réasúnta ar na smaointe | **18 - 12** |
| **Íseal** | • Iarracht ar achoimre ar na pointí<br>• Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | **11 - 6** |

**<u>Ceist 8 = 25 marc</u>**

**Ceist 9(a):** Mar an gcéanna leis an ngnáth Scéim Mharcála.
**(b):** * Ná cuir Gaeilge lochtach san áireamh.

**Ceist 10** (25) **(25 marc)**

Ainmnigh *gearrscéal* ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T2*** a ndearna tú staidéar air. *Ní mór teideal an ghearrscéil sin agus ainm an údair a scríobh síos go cruinn.*

* **Níor chóir duit** litriú, poncaíocht ná gramadach a chur san áireamh nuair atá tú ag tabhairt barúil faoin gceist seo ach cuir na gnéithe ainmnithe de Chruinnúsaid na Gaeilge san áireamh.

Teideal an ghearrscéil: **= 1 mharc** Ainm an údair: **= 1 mharc**

**(a)** Déan cur síos gairid ar thús an dráma *nó* ar chríoch an dráma.

**N.B. Léirigh pointí agus eolas cruinn trí tic agus cuir ~~~ ___ mar is cóir.)**

| Caighdeán an fhreagra | Léiriú: | Réimse marc **15 marc** |
|---|---|---|
| **Ard** | • **Déanann an t-iarrthóir cur síos ar thús nó ar chríoch an ghearrscéil.**<br>• Plé maith ar thús nó ar chríoch an ghearrscéil<br>• Tuiscint shoiléir léirithe<br>• Tagairtí maithe don ghearrscéil<br>• Smaointe forbartha go maith | **15 - 12** |
| **Meán** | • Achoimre ar thús nó ar chríoch an ghearrscéil<br>• Plé réasúnta ar thús nó ar chríoch an ghearrscéil<br>• Insint lom ar an ngearrscéal<br>• Tuiscint le sonrú<br>• Tagairt don ghearrscéal | **11 - 8** |
| **Íseal** | • Iarracht ar achoimre ar an ngearrscéal<br>• Cur síos lag ar an ngearrscéal<br>• Eolas bearnach nó míchruinn nó lochtach | **7 - 4** |

**(b)** Maidir leis an ngearrscéal atá ainmnithe agat, bronn marc as 10 air. Mínigh an fáth ar bhronn tú an marc sin.

Marc **= 2** Fáth **= 6** **N.B. (Léirigh ar an bpáipéar M = 2, F = 6/5/4/3/2/1)**

| Forbairt mhaith le fáth an mharc | Forbairt réasúnta le fáth an mharc | Forbairt lag le fáth an mharc |
|---|---|---|
| **6 -5** | **4 - 3** | **2 - 1** |

**Ceist 10 = 25 marc**

## Aguisín 2

**Cuirtear marc coigeartaithe i bhfeidhm ar iarracht an iarrthóra i gceist 5, i gceist 8 agus i gceist 10.**

**(1) Ábhar dualgais don Ghaeilge sa tSraith Shóisearach.**
Tá na téacsanna dualgais do 2022 leagtha síos in Imlitir 0036/2018. Má tá aon amhras ar an scrúdaitheoir faoi bhailíocht na dtéacsanna sna hiarrachtaí, sna ceisteanna thíos, téigh i gcomhairle le do scrúdaitheoir comhairleach faoi sin. Má baineadh úsáid as téacsanna nach bhfuil luaite mar ábhar dualgais i gCeist 5, i gCeist 8 agus i gCeist 10 ba chóir an marc iomlán an iarrthóra sa cheist/sna ceisteanna sin a laghdú (-50%).

**(2)** Má tharlaíonn gur úsáid an t-iarrthóir an seánra mícheart i gCeist 5, i gCeist 8 agus i gCeist 10 ba chóir an marc iomlán an iarrthóra sa cheist/sna ceisteanna sin a laghdú (-50%).